V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11270 — KKR / THE FUCHS FAMILY FOUNDATION / OHB)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 332/06)

1. An 12 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKR & Co. Inc. ('KKR', na Stáit Aontaithe),

— Fuchs Family Foundation ('FFF', an Ghearmáin) faoi rialú Marco Fuchs,

— OHB SE (an 'JV', an Ghearmáin), faoi rialú FFF.

Gheobhaidh KKR agus FFF rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 7 Lúnasa 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR, gnólacht a thairgeann bainistíocht sócmhainní malartacha chomh maith le réitigh margaí caipitil agus árachais.

— Is fondúireacht teaghlaigh é FFF trína bhfuil formhór na scaireanna agus na gceart vótála sa JV ag teaghlach Fuchs faoi láthair.

— Tá an JV gníomhach i dtrí phríomhchuid ghnó: (i) córais spáis, (ii) aeraspás; agus (iii) seirbhísí digiteacha, ina gcuireann sé ar fáil teileascóip, córais tailte agus aeróga a nascann bonneagar ar talamh leis an spás, chomh maith le cibearshlándáil, criptiú, intleacht shaorga, próiseáil sonraí agus táirgí agus seirbhísí anailíse sonraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11270 — KKR / THE FUCHS FAMILY FOUNDATION / OHB

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË